



Márta 2008

ATHRÚ AR PHLEAN BHAINISTIÚ DRAMHAÍOLA DO RÉIGIÚN BHAILE ÁTHA CLIATH



2005-2010

Déanta an 3ú Márta 2008



WASTE MANAGEMENT PLAN
Working for the Dublin Region



NA hACHTANNA UM BAINISTIÚ DRAMHAÍOLA 1996 - 2007

Athrú ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún Bhaile Átha Cliath 2005-2010

Tá Athrú déanta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Chontae Fhine Gall agus Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas (Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath) ar Phlean Bhainistiú Dramhaíola do Réigiún Bhaile Átha Cliath 2005-2010 (an “Plean”).

Soláthraíonn an tAthrú do chuspóirí sonracha a chur isteach sa Phlean gur oibritheoir aonair a dhéanfaidh dramhaíol tí a bhailiú ó líonta tí ar teaghaisí aonair iad (seachas iad sin i mblocanna árasán saintógtha) i limistéir ainmnithe. Údarás Áitiúil de chuid Baile Átha Cliath nó tairisceanaí a n-éireoidh leis faoi phróiseas tairisceana poiblí (a d’fhéadfadh a bheith ar bhonn geografach nó ar bhonn limistéir) a bheidh san oibritheoir aonair. Rinneadh athruithe iarmharacha ar na cuspóirí sin chomh maith.

Seo a leanas mionsonraí iomlána faoi na athruithe.

Alt Nua 18.4A:

- 1 Déantar athrú ar Alt 18.4, Bailiú Dramhaíola Tí agus Athchúrsáil den Phlean trí na haltanna seo a leanas a chur isteach tar éis an ailt dar teideal “Dramhaíol in Árasáin – Polasaithe Breise”.

“Alt 18.4A: Bailiú Dramhaíola Tí ó theaghaisí aonair

Agus iad ag breithniú an mhargaidh bhailithe dramhaíola tí i Réigiún Bhaile Átha Cliath, d’aithin Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, ag teacht le cinneadh a rinne an tÚdarás Iomaíochta le déanaí, an dá mhargadh seirbhíse ar leith seo a leanas:

- *líonta tí teaghaisí aonair;* agus
- *teaghaisí árasáin a tógadh le sainchuspóir.*

Déileálann an t-alt 18.4A seo le bailiú dramhaíola tí ó teaghaisí aonair agus sin amháin.

(i) An staid mar atá faoi láthair maidir le teaghaisí aonair

Mar a léiríodh in alt 7.1 den Phlean seo is iad Údarás Áitiúla Bhaile Átha Cliath, go príomha, a oibríonn an tseirbhís bhailithe dramhaíola tí go díreach. Tá an cur chuige is fearr ar bhainistiú dramhaíola tí bunaithe ar an bprionsabal go ndéantar an dramhaíol a dheighilt ag an bhfoinse ina codáin dramhaíola éagsúla. Is iad na príomh-aidhmeanna a bhaineann le scagadh ná ábhair ghilana d’ardluach a chur ar fáil lena n-aisghabháil, ar shlí

éifeachtach ó thaobh costais agus slán ó thaobh an chomhshaoil don chónaitheoir, agus chun an líon ábhair a théann chuig líonadh talún a íoslaghdú.

D'fhonn an cuspoir sin a bhaint amach tá Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath tiomanta córas bailithe ó cholbha an bhóthair de 3 bhosca bruscair (donn, glas, dubh/liath) a leathadh amach chuig gach líon tí teaghaise aonair sa Réigiún agus tá dul chun cinn maith déanta go dtí seo maidir leis an gcuspoir sin a bhaint amach. Tá an tseirbhís ó cholbha an bhóthair do bhoscaí bruscair dubha agus glasa ar fáil do bheagnach gach líon tí teaghaise aonair sa Réigiún. Tá bealaí bailithe bhoscaí bruscair donna píolótacha i bhfeidhm freisin agus tá leathnú leanúnach na seirbhíse sin chuig gach líon tí le cur i bhfeidhm le linn shaolré an Phlean seo.

(ii) Athbhreithniú iar-fheidhmithe ar bhailiú dramhaíola líonta tí

Tá athbhreithniú déanta ag Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath ar oibríthe maidir le bailiú dramhaíola tí i Réigiún Bhaile Átha Cliath ó cuireadh an Plean seo i bhfeidhm. Ón am seo tá an earnáil príobháideach imithe isteach sa mhargadh bailithe dramhaíola tí do theaghaisí aonair i gcomhar le hÚdaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath. Tá roinnt ábhar inní aitheanta ag Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath a bhaineann le hiontráil na hearnála príobháidí isteach sa mhargadh bailithe dramhaíola tí teaghaise aonair. Dírionn na hábhair inní sin ar aisghabháil dramhaíola agus cosc ar thruailliú comhshaoil a spreagadh agus tacú leo. Áirítear orthu:

- (a) Na himpleachtaí comhshaoil a bhaineann le go leor feithiclí bailithe bruscair a bheith ag freastal ar bhealaí ar leith, maidir le haer, torann, astaíochtaí carbóin agus trácht.
- (b) An méid seirbhísí bailithe tí de chuid na hearnála príobháidí ar bhealaí ard-dlús, rud a d'fhágfadh níos mó bealaí tuaithe gan seirbhís agus a chuirfeadh leis an mbaol go ndéanfaí dumpáil neamhdhleathach, dó ar chúl an tí agus truailliú comhshaoil eile.
- (c) Líonta tí ar ioncam íseal (a d'fhéadfadh leas a bhaint as tarscaoileadh) ag cailleadh seirbhísí bailithe i gceantair ina raibh ar Údaráis Áitiúla tarraingt amach as an margadh bailithe.
- (d) An costas/praghas do thomhaltóirí de bharr go leor feithiclí bailithe bruscair a bheith ag seirbhísíú bealaí ar leith.
- (e) Chuirfeadh an cailteanas ioncain ó sholáthar seirbhísí bailithe dramhaíola tí ó theaghaisí aonair cumas na nÚdarás Áitiúla i leith seirbhísí dramhaíola a sholáthar ar shlí inmharthanach go heacnamaíoch i mbaol. Go sonrach, chuirfí iseach ar sholáthar infrastruchtúir (saoráidí cóireála, ionaid thabhartha, ionad athchúrsála agus saoráidí do dhramhaíol ghuaiseach tí), ar chláir oideachais agus feasachta agus ar sheirbhísí chuig custaiméirí faoi tharscaoileadh (líonta tí nach bhfuil sé d'acmhainn acu íoc as seirbhísí). Ar deireadh, chuirfí isteach ar mhaoiniú sheirbhísí forfheidhmithe maidir le bainistiú ar dhumpáil neamhdhleathach, dó ar chúl an tí agus truailliú comhshaoil eile a eascraíonn as líonta tí.

Léirigh an Staidéar Binsemharcála ar Bhainistiú Dramhaíola Meitheamh 2006 a rinne Forfás gur rud coitianta é go mbailíonn bardais dramhaoil go díreach sa chuid is mó de na tíortha AE a ndearnadh binsemharcáil orthu. Dramhaíol tí go príomha a bhíonn i gceist leis sin, ach bíonn dramhaíol tráchtála i gceist i roinnt cásanna chomh maith. Taispeánann an staidéar go bhfuil Éire beagnach uathúil i measc na dtíortha binsemharcála sa tslí is go mbíonn baint dhíreach ag seirbhísí príobháideacha le bailiú dramhaíola, gan baint ag na bardais le bunú an chonartha ná lena chinneadh cad a tharlaíonn don dramhaíol.

(iii) Sainchuspóirí

Is iad na sainchuspóirí i ndáil le dramhaíl tí a bhailiú ó theaghaisí aonair:

- Baileoidh gach Údarás Áitiúil i mBaile Átha Cliath sruthanna dramhaíola tí deighilte ag an bhfoinse ó líonta tí teaghaise aonair laistigh dá cheantair feidhmithe, nó socróidh siad go mbaileofar dramhaíl tí den chineál sin trí phróiseas/phróisis tairisceana iomaíoch(a).
- Déanfaidh oibreoir aonair an bailiú de dhramhaíl tí deighilte ag an bhfoinse sin i gceantair ainmnithe, a d'fhéadfadh a bheith comhdéanta de cheantar feidhmithe go léir, nó cuid de, nó de roinnt ceantar feidhmithe laistigh de Réigiún Bhaile Átha Cliath. Údarás Áitiúil de chuid Baile Átha Cliath nó an t-oibreoir ar éirigh leis i bpróiseas tairisceana iomaíoch a bheidh san oibreoir aonair sin.”

Athruithe a leanann as an alt nua 18.4A

2 Athraítear Alt 17 den Phlean –

2.1 I bhfo-alt 17.6 tríd an méid seo a leanas a chur in áit an ochtó bpointe le hurchar:

“Spreagfar tionscal dramhaíola na hearnála príobháidí chun infrastruchtúr bhainistiú dramhaíola agus seirbhísí a chur ar fáil chomh fada agus a thiocfaidh siad leis na polasaithe agus cuspóirí eile atá sa Phlean seo.”

2.2 I bhfo-alt 17.8 tríd an méid seo a leanas a chur in áit an dara halt:

“Mar sin tá dualgas ar líonta tí íoc, ní amháin as an gcostas a bhaineann leis an dramhaíl ina mBoscaí Bruscair Liath a bhailiú agus a dhiúscairt, ach as seirbhísí eile a sholáthraíonn nó a shocraíonn an tÚdarás Áitiúil maidir le dramhaíl a chuirtear i láthair i mBoscaí Bruscair Glasa (agus i mBoscaí Bruscair Donna ó 2006 ar aghaidh), chomh maith le dramhaíl a thógtar chuig Ionaid Athchúrsála agus Bainc Thabhartha.”

3 Athraítear Alt 18 den Phlean -

3.1 I bhfo-alt 18.4 tríd an méid seo a leanas a chur in áit an chéad ailt:

“Leanfaidh Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath le seirbhís bhailithe chomhtháite agus éifeachtach ó thaobh costais a sholáthar nó a shocrú do líonta tí teaghaise aonair agus d’árasáin sa Réigiún nuair is cú sin. Cuirfear béim ar bhailiú ar leithligh d’acmhainní glana ardluacha. Agus roinnt neamhréireachtaí sna leibhél seirbhíse reatha ar fud an Réigiúin aitheanta acu, oibreoidh na hÚdaráis Áitiúla chun an córas reatha a chomhchuíbhiú tar thréimhse an Phlean.”

- 3.2 I bhfo-alt 18.12 tríd an méid seo a leanas a chur in áit an tseú phointe le hurchar:

“D’fhéadfadh go mbeadh ceangal ar aon chuideachta a bhfuil cead aici dramhaíl líonta tí a bhailiú de réir na bpolasaithe agus na gcuspóirí eile sa Phlean seo an raon iomlán seirbhísí a luaitear sa Phlean seo a sholáthar – lena n-áirítear bainc thabhartha, ábhar in-athchúrsáilte tírime a bhailiú, dramhaíl orgánach a bhailiú (nuair a thógann Údaráis Áitiúla sin isteach), Ionaid Athchúrsáilte agus Dramhaíl Théagartha a bhailiú – nó na costais a íoc a bhaineann leis na seirbhísí sin a sholáthar do na húdaráis áitiúla.”

4 Athraítear Alt 20 den Phlean -

- 4.1 I bhfo-alt 20.5 tríd an méid seo a leanas a chur in áit an phointe le hurchar tar éis an ailt “**Bailiú Sonraí agus Iniúchóireacht**”:

“Cuirfidh an tÚdaráis Áitiúil feabhas ar chóras rialaithe (cead bailithe dramhaíola AER) chun an líon aonad líonta tí ar leithligh (árasáin san áireamh) ar a bhfreastalaíonn aon bhailitheoir príobháideach a bhfuil cead acu bailiú ó líonta tí den sórt sin a chinneadh agus chun an líon dramhaíola tí a bhailítear a chinneadh.”